# Teicneolaíochta an Adhmaid

**Nuachtlitir JCt4 - Fómhar 2022**

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun múinteoirí a **spreagadh**, **a chumasú** agus chun **cabhrú leo** i gclaochlú oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

## Comhdháil Náisiúnta MúinteoiríTeicneo

Táimid ag súil le freastal ar Chomhdháil & ar Thaispeántas Náisiúnta Chumann Múinteoirí Teicneo a bheidh ar siúl **an 14 agus 15 Deireadh Fómhair** i **gColáiste Chiaráin i mBaile Átha Luain**. Tugann an ócáid seo deis iontach do mhúinteoirí bualadh le comhghleacaithe ó gach cearn den tír. Chun sonraí iomlána a fháil faoin ócáid, mholfaimis duit cuairt a thabhairt ar www.technoteachers.ie.

## Pleanálaí Digiteach

Agus tús á chur againn le bliain acadúil nua, b'fhéidir go mbeadh suim ag múinteoirí Theicneolaíocht Adhmaid iniúchadh a dhéanamh ar an bpleanálaí digiteach thíos.



*Cliceáil ar an íomhá chun rochtain a fháil.*

## Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an Fhómhair de nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid JCt4. Thar ceann na foirne, tá súil againn gur éirigh leat samhradh scístiúil suaimhneach a bheith agat agus tú ag ullmhú don bhliain atá amach romhainn. Le bliain acadúil anuas, rinne muid éascaíocht ar **1225** múinteoir Theicneolaíocht Adhmaid ó gach cearn den tír agus iad ag plé lena gcnuasach FGL ar líne. Más mian leat féachaint ar aon cheann de na hábhair ó cheardlanna FGL na bliana seo caite, is féidir teacht orthu anseo. Is féidir ár n-ábhar roghnach, ar nós seimineáir ghréasáin, a fháil anseo freisinhttps://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_wood_technology_elective_workshops.

## Seo í an fhoireann

Déanann foireann Theicneolaíocht Adhmaid JCt4 iarracht tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí Theicneolaíocht Adhmaid ar fud na tíre. Más mian leat teagmháil a dhéanamh le haon duine den fhoireann, is féidir é sin a dhéanamh ach 'Seo í an fhoireann' a sheiceáil ar www.jct.ie.



**Barry Nolan**
Ceannaire Foirne



**Declan Regan**
Comhairleoir



**Martin Gallagher**
Comhairleoir



**Michael Lynch**
Comhairleoir

## Measúnú Rangbhunaithe 2

### *Féinanailís agus meastóireacht an scoláire*

D'eisigh CNCM na Socruithe Athbhreithnithe le déanaí maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a Chur i gCrích do chohórt na scoláirí 2020 – 2023. Is féidir teacht ar an doiciméad sin anseo. Féach leathanach 2 le haghaidh príomhdhátaí MRB 2. Chomh maith leis sin, tugtar breac-chuntas i leathanach 3 den doiciméad ar na príomhdhátaí do MRB 1 do scoláirí reatha sa dara bliain.




*Cliceáil ar an íomhá chun rochtain a fháil*

Tá acmhainn cruthaithe ag an bhfoireann Theicneolaíocht Adhmaid chun cabhrú le múinteoirí agus a gcuid scoláirí ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe: Féinanailís agus meastóireacht an Scoláire. Cuirtear an acmhainn i láthair mar phóstaer idirghníomhach a thugann rochtain do mhúinteoirí ar chur i láthair físe ar ghnéithe éagsúla den phróiseas MRB. Is féidir an tsraith iomlán d'acmhainní atá ar fáil a fháil anseo.

Nóta: Moltar duit féachaint ar an acmhainn seo i gcomhar le foilseachán CNCM, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, do Theicneolaíocht Adhmaid.

## Lá Náisiúnta na gCrann 2022

Beidh Lá Náisiúnta na gCrann SPAR ar siúl ar an 6 Fómhair.
Chun coinneáil aran eolas faoi phríomhimeachtaí agus acmhainní a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do do scoláirí Theicneolaíochta Adhmaid, féach ar www.treecouncil.ie.

## Scileanna Ceardaíochta i bhFócas

Agus scoláirí Theicneolaíocht Adhmaid ag plé le scileanna ceardaíochta éagsúla i rith na bliana acadúla seo, d'fhéadfadh múinteoirí tairbhe a bhaint as na hacmhainní thíos:



Maircíneacht - Spléachadh Tríd an bhFuinneog



Seisiún Eolais ar Cheird an Lúbtha agus an Lannaithe Trí Thasc Dearaidh do Scoláirí



Déanaimis Snoíodóireacht

## Coinnigh i dteagmháil

Bí ar ár liosta seoltaí anseo, chun coinneáil suas chun dáta le nuacht JCt4 go léir agus lean muid ar Twitter freisin

@JCt4ed

# Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2023

Tá cáipéis eisithe ag an Roinn Oideachais ina sonraítear na socruithe measúnaithe coigeartaithe do scrúduithe teistiméireachta in 2023. Is féidir teacht ar an doiciméad trí chliceáil ar an bpictiúr doiciméid thall. Is féidir sonraí faoi shocruithe measúnaithe do Theicneolaíocht Adhmaid a fheiceáil ar **leathanach 100**.




## Ceardlanna Cuir do Dhomhan ar Casadh

I gcomhar leis an tionscnamh Ealaíona sa tSraith Shóisearach (EsSS), tá foireann Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí ag eagrú tuilleadh ceardlann faoi láthair le Willie Creighton ag láithreacha éagsúla ar fud na tíre sna seachtainí / míonna amach romhainn. Seolfar tuilleadh eolais maidir le dátaí agus suíomhanna amach trínár liosta seoltaí in am trátha.





## Teicneolaíocht Adhmaid sa Nuacht!

Táimid de shíor ar lorg ailt nuachta, físeáin agus suíomhanna gréasáin a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise duit féin agus do do scoláirí. D'fhéadfadh na naisc thíos túsphointe a thabhairt i dtreo roinnt eispéiris shuimiúla foghlaimeoirí maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

***3.2 meastóireacht a dhéanamh** ar shaintréithe agus airíonna speicis choitianta crainn*

***3.10 léirthuiscint a fhorbairt** do ról an fhoraoisithe agus an adhmaid i dtéarmaí na héiceolaíochta agus inbhuanaitheachta áitiúla agus domhanda*

***3.11 iniúchadh a dhéanamh** ar thuras adhmaid ón bhforaois go dtí an úsáid deiridh.*



Dearann déantóir troscáin coillearnach dhúchasach Éireannach i gCill Mhantáin



Grán Adhmaid a Thuiscint - Paul Sellers



Síológa le fréamhacha stairiúla i Hiroshima ag fás i gCorcaigh

Ba mhaith le foireann Theicneolaíocht Adhmaid gach rath a ghuí ort agus tá siad ag súil go mór le bheith ag obair leat sa bhliain acadúil atá romhainn.

Le dea-mhéin
**Foireann Theicneolaíocht Adhmaid JCt4**